Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15792/25**

**FORETS 127**
**AGRI 635**
**ENV 1261**
**PROCIV 158**
**FIN 1435**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14614/25 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cistiú ón Aontas a théann i ngleic le dóiteáin foraoise – Méadú ar bhearta coisctheacha, ach níl dóthain fianaise faoi thorthaí agus a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach ann'<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 17 Samhain 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cistiú ón Aontas a théann i ngleic le dóiteáin foraoise – Méadú ar bhearta coisctheacha, ach níl dóthain fianaise faoi thorthaí agus a n-inbhuanaitheacht fhadtéarmach ann', mar a formheasadh iad ag an 4132ú cruinniú den Chomhairle an 17 Samhain 2025.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2025 ón gCúirt Iniúchóirí 'Cistiú ón Aontas a théann i ngleic le dóiteáin foraoise – Méadú ar bhearta coisctheacha, ach níl dóthain fianaise faoi thorthaí agus a n- inbhuanaitheacht fhadtéarmach ann'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

(1) AGUS É Á MEABHRÚ AICI na Conclúidí uaithi maidir le feabhas a chur ar an scrúdú ar thuarascálacha speisialta arna dtarraingt suas ag an gCúirt Iniúchóirí i gcomhthéacs an nós imeachta um urscaoileadh[1].

(2) TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 16/2025 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cistiú ón Aontas a théann i ngleic le dóiteáin foraoise – Méadú ar bhearta coisctheacha, ach níl dóthain fianaise faoi thorthaí agus a n- inbhuanaitheacht fhadtéarmach ann' agus AITHNÍONN SÍ na moltaí a rinneadh inti.

(3) TUGANN SÍ DÁ hAIRE a thábhachtaí atá Sásra an Aontais um Chosaint Shibhialta agus TÁ SÍ AG SÚIL LEIS an iniúchadh a dhéanfaidh CIE amach anseo ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta.

(4) IS CÚIS MHÓR IMNÍ DI AGUS IS OTH LÉI go bhfuil dóiteáin foraoise agus falscaithe i gcoitinne ina gcúis le taismigh dhaonna i gcónaí.

---

[1] 7515/00 + COR 1

(5) TUGANN SÍ DÁ hAIRE, agus é ina n-ábhar imní di, na tionchair dhiúltacha thromchúiseacha shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil a bhíonn ag dóiteáin foraoise ar fud an Aontais, go bhfuil minicíocht, méid agus líon na ndóiteán foraoise fós ar leibhéil arda, agus, de réir thuarascáil CIE, go dtarlaíonn os cionn míle dóiteán foraoise gach bliain san Aontas, ag dó 353 000 heicteár ar an meán in aghaidh na bliana, agus go bhfuil os cionn milliún heicteár dóite ag 2100 dóiteán foraoise cheana féin in 2025[2].

(6) AITHNÍONN SÍ go gcinntear riosca dóiteáin foraoise trí mheascán de chúinsí seachtracha (e.g. bainistíocht talún, aimsir, daoine, athrú aeráide) agus cúinsí a bhaineann le foraoisí (e.g. struchtúr agus riocht foraoise, topagrafaíocht, an t-ualach dó-ábhair). LEAGANN SÍ BÉIM AR an bhfíoras go bhfuil méadú tagtha ar an riosca a bhaineann le dóiteáin foraoise ar fud na hEorpa mar gheall ar an athrú aeráide.

(7) LEAGANN SÍ BÉIM AR an nasc idir ligean talún leis an dúlra, carnadh breosla agus tírdhreach níos aonchineálaí, rud a mhéadaíonn an riosca falscaithe agus a mhéadaíonn minicíocht, méid agus déine na ndóiteán foraoise.

(8) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuireann gníomhaíocht an duine go mór le dóiteáin foraoise, agus MEASANN SÍ go bhféadfadh múscailt feasachta, oideachas agus faisnéis spriocdhírithe a bheith ina bpríomhbhearta coisctheacha chun an líon adhainte a laghdú agus chun an riosca dóiteáin foraoise a mhaolú.

(9) MEABHRAÍTEAR DI na 'Conclúidí maidir le Straitéis nua Foraoise an Aontais do 2030'[3] ina n-iarrtar ar an gCoimisiún oibriú go dlúth leis na Ballstáit chun an obair ar bhainistiú riosca a bhaineann le tubaistí nádúrtha agus tosca a chuireann isteach ar fhoraoisí, go háirithe falscaithe, a neartú, agus maidir le hoiriúnú don athrú aeráide chun cur chuige struchtúrtha comhtháite a fhorbairt.

---

[2] https://joint-research-centre.ec.europa.eu/projects-and-activities/natural-and-man-made-hazards/fires/current-wildfire-situation-europe_en?prefLang=ga

[3] 13537/21

(10) LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá comhar éifeachtach agus ardáin comhroinnte taithí le riaracháin agus páirtithe leasmhara na mBallstát. I ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM AR an obair leanúnach atá á déanamh ag FOREST EUROPE, lena n-áirítear an achoimre bheartais *Reducing wildfire risk in Europe through sustainable forest management* [Riosca falscaithe a laghdú san Eoraip trí bhainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí] agus maidir le Saoráid Uile-Eorpach um Rioscaí Foraoise a bhunú.

(11) LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le comhar idir riaracháin foraoise na mBallstát agus na húdaráis cosanta sibhialta agus na húdaráis dóiteáin agus tarrthála.

(12) LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá nósanna imeachta riaracháin agus airgeadais atá éifeachtúil agus simplithe faoi chuimsiú reachtaíocht an Aontais agus na reachtaíochta náisiúnta chun tacaíocht éifeachtúil a thabhairt do bhearta coisctheacha agus freagartha dlíthiúla, tráthúla agus éifeachtacha i ngach foraois, go háirithe i limistéir atá buailte agus i limistéir ardriosca.

(13) LEAGANN SÍ BÉIM AR an ról ríthábhachtach atá ag bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí maidir le foraoisí a oiriúnú don athrú aeráide agus maidir lena n-athléimneacht i leith rioscaí éagsúla, lena n-áirítear dóiteáin foraoise, a choinneáil agus a fheabhsú.

(14) AITHNÍONN SÍ gur féidir athléimneacht foraoisí in aghaidh dóiteán agus cosc dóiteán a fheabhsú, mar shampla trí rialachas cuí riosca, cleachtais um bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus gníomhaíochtaí pleanála tírdhreacha, agus cineálacha éagsúla cur chuige á n-aithint ag an am céanna do gach ceann acu ar an leibhéal náisiúnta, fonáisiúnta agus áitiúil. Sa chomhthéacs sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR éagsúlacht agus sainiúlachtaí na bhforaoisí agus na gcineálacha cur chuige maidir le bainistiú foraoisí sna Ballstáit agus ina measc.

(15) AITHNÍONN SÍ go bhfuil tairbhí leathana sochaíocha agus comhshaoil ag baint le bearta chun falscaithe a chosc ar fud raon leathan earnálacha, lena n-áirítear cosaint na bithéagsúlachta.

(16) IS DÍOL SÁSAIMH DI comhroinnt dea-chleachtas agus scaipeadh faisnéise maidir le gníomhaíochtaí éifeachtacha a bhaineann le dóiteáin foraoise i measc údaráis ábhartha na mBallstát i Sainghrúpa an Choimisiúin maidir le Dóiteáin Foraoise agus sa Bhuanchoiste Foraoiseachta.

(17) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil luach ag baint le hacmhainní airgeadais cobhsaí, inrochtana agus leordhóthanacha chun dul i ngleic le dóiteáin foraoise; LEAGANN SÍ BÉIM, sa chomhthéacs sin, ar an ngá ata le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na ngníomhaíochtaí maoinithe, na n-iarrachtaí coisctheacha, na hoibre rialta agus na cothabhála leanúnaí a áirithiú.

(18) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé úsáid éifeachtach agus éifeachtúil a bhaint as cistiú ón Aontas chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát i ndáil le dóiteáin foraoise agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faisnéis níos spriocdhírithe a chur ar fáil maidir le bearta incháilithe chun tacú leis na Ballstáit úsáid níos fearr a bhaint as na deiseanna atá ar fáil.

(19) LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá an timthriall bainistithe dóiteáin foraoise, lena n-áirítear líonra leordhóthanach bóithre foraoise agus bonneagar eile is gá chun dul i ngleic le dóiteáin foraoise.

(20) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá riosca dóiteáin foraoise mar an príomhchritéar chun tionscadail a bhaineann le dóiteáin foraoise a chosc a roghnú.

(21) LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le modheolaíochtaí éifeachtacha agus le feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart coisctheach. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go soláthraítear le Clár Copernicus, arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/696, rochtain oscailte agus saor in aisce ar shonraí um fhaire na Cruinne, lena n-áirítear sonraí satailíte a bhfuil ról tábhachtach acu, in éineacht le sonraí maidir le dóiteáin foraoise ó na Ballstáit, chun tacú le faireachán agus bainistiú riosca ar dhóiteán foraoise agus ar fhalscaithe.

(22) LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá le táscairí feidhmíochta lena gcumhdaítear ionchuir agus aschuir, chomh maith le torthaí agus tionchair, le haghaidh tionscadail a bhaineann le dóiteáin foraoise a chosc, chun meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar idirghabhálacha ar leibhéil éagsúla agus chun deiseanna a shainaithint chun feabhas a chur ar an gcóras mar bhealach chun cinn, agus dálaí sonracha na mBallstát á gcur san áireamh. I ndáil leis an méid sin, LEAGANN SÍ BÉIM AR an ngá atá ann cur leis na huirlisí atá ann cheana.

(23) IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar chonclúidí agus ar mholtaí na Tuarascála Speisialta. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún, ina fhreagairt ar an Tuarascáil Speisialta, lena mholtaí ar fad agus IARRANN SÍ go gcuirfí chun feidhme iad le rannpháirtíocht na mBallstát agus na ngníomhaithe agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha ar fad.